# Ilchríocha an Domhain

**An Áise:** Is í an Áise an ilchríoch is mó ar domhan. Tá timpeall 30% de thalamh an domhain inti. Tá timpeall 60% de mhuintir an domhain ina gcónaí san Áise. Is iad an tSín agus an India an dá thír is mó daonra ar domhan. Tá níos mó ná billiún duine ina gcónaí i ngach ceann acu. An Meánoirthear a thugtar ar an gcuid sin den Áise atá taobh leis an Eoraip agus an Afraic araon. Is í an Rúis an tír is mó ar domhan. San Áise atá 75% den Rúis. Tá an chuid eile di san Eoraip.

**Le cabhair atlais, aimsigh na tíortha seo ar an léarscáil thíos.**
**Cuir an uimhir chuí le gach ceann acu agus ansin dathaigh iad.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. An tSín | 2. An tSeapáin | 3. An Afganastáin | 4. An India | 5. An Mhongóil |
| 6. Vítneam | 7. Na hOileáin Filipíneacha | 8. An Rúis | 9. An Araib Shádach | 10. An Indinéis |



01 Ilchríocha an Domhain ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie

**Féach ar leathanach 38 agus 39 in *Atlas Bunscoile*. Roghnaigh 6 bhratach as bratacha na hÁise agus tarraing sna boscaí thíos iad. Scríobh ainm na tíre lena mbaineann gach bratach sa bhosca cuí.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |

**Ainmnigh na tíortha seo a leanas.**

1. Tá teorainn aici leis an gCambóid, Laos agus Maenmar.

2. Tá sí suite taobh ó dheas den Araib Shádach.

3. Tá sí suite taobh ó thuaidh den tSín agus tá teorainn aici leis an tSín agus leis an Rúis.

4. Tá teorainn aici leis an gCóiré Theas.

5. Tá teorainn aici leis an Tuirc, an Liobáin, Iosrael, an Iordáin agus an Iaráic.

6. Tá sí suite taobh thoir theas den Afganastáin.

**Líon an tábla thíos.**

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An India | |
| | Bagdad |
| | Mainile |
| An Mhalaeisia | |

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| Óman | |
| An tSín | |
| | Ankara |
| | Moscó |

**An Eoraip:** Is í an Eoraip an dara hilchríoch is lú ar domhan. Tá 10% de mhuintir an domhain ina gcónaí ann. Tuairim is 50 tír atá san Eoraip. Tá cuid den Rúis agus den Tuirc san Eoraip. San Áise atá an chuid eile díobh. Is é Stát Chathair na Vatacáine an stát is lú ar domhan. Is ar an aon mhórchríoch amháin atá an Eoraip agus an Áise. Uaireanta tugtar **an Eoráise** ar an mórchríoch sin.

**Le cabhair atlais, aimsigh na tíortha seo ar an léarscáil thíos.**
**Cuir an uimhir chuí le gach ceann acu agus ansin dathaigh iad.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. An Spáinn | 2. An Ghréig | 3. An Fhionlainn | 4. An Iodáil | 5. An Laitvia |
| 6. An Pholainn | 7. An Bhealarúis | 8. Éire | 9. An Chróit | 10. An Ghearmáin |



**Féach ar leathanach 30 agus 31 in *Atlas Bunscoile*. Roghnaigh 6 bhratach as bratacha na hEorpa agus tarraing sna boscaí thíos iad. Scríobh ainm na tíre lena mbaineann gach bratach sa bhosca cuí.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |

**Ainmnigh na tíortha seo a leanas.**

1. Tá sí suite taobh ó thuaidh den Ghearmáin.
2. Tá sí suite taobh thiar theas den Ostair.
3. Tá teorainn aici leis an tSualainn, an Fhionlainn agus an Rúis.
4. Tá teorainn aici leis an bPortaingéil.
5. Tá sí suite taobh thoir thuaidh de Phoblacht na Seice.
6. Tá teorainn aici leis an bhFrainc, an Iodáil, an Ostair agus an Ghearmáin.

**Líon an tábla thíos.**

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An Pholainn | |
| | Sóifia |
| | Vilnias |
| An Bheilg | |

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An tSualainn | |
| An Ostair | |
| | An Aithin |
| | Cóbanhávan |

**An Afraic:** Is í an Afraic an dara hilchríoch is mó ar domhan. Tá timpeall 20% de thalamh an domhain inti. Tá breis is 50 tír san Afraic. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcathracha móra atá san Afraic, tá céatadán níos airde de mhuintir na hAfraice ina gcónaí faoin tuath ná mar atá de mhuintir na n-ilchríoch eile. Is tíortha i mbéal forbartha atá i gcuid mhaith de thíortha na hAfraice. Tá an bhochtaineacht forleathan sna tíortha sin. Ón 15ú haois go dtí an 19ú haois chuaigh trádáil na sclábhaithe go mór i bhfeidhm ar an Afraic. Sa 19ú haois agus san 20ú haois ghlac cumhachtaí na hEorpa seilbh ar an gcuid is mó den Afraic. Bhain tíortha na hAfraice neamhspleáchas amach ó na 1950idí i leith.

**Le cabhair atlais, aimsigh na tíortha seo ar an léarscáil thíos.**
**Cuir an uimhir chuí le gach ceann acu agus ansin dathaigh iad.**

| |
|---|
| 1. An Éigipt |
| 2. An Tansáin |
| 3. An Afraic Theas |
| 4. Maracó |
| 5. An Chéinia |
| 6. An Nigéir |
| 7. Madagascar |
| 8. Angóla |
| 9. An Túinéis |
| 10. An Aetóip |



**Féach ar leathanach 34 agus 35 in *Atlas Bunscoile*. Roghnaigh 6 bhratach as bratacha na hAfraice agus tarraing sna boscaí thíos iad. Scríobh ainm na tíre lena mbaineann gach bratach sa bhosca cuí.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |

**Ainmnigh na tíortha seo a leanas.**

1. Tá teorainn aige leis an Namaib, an tSaimbia agus Poblacht Dhaonlathach an Chongó.
2. Tá sí suite taobh thoir thuaidh den Nígir.
3. Tá sí suite taobh ó thuaidh den Aetóip.
4. Tá sí suite taobh thiar thuaidh den Libia.
5. Tá sí suite taobh ó dheas den Éigipt.
6. An tír is faide ó dheas san Afraic.

**Líon an tábla thíos.**

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| Poblacht na hAfraice Theas | |
| | Caireo |
| | Addis Ababa |
| An Chéinia | |

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An Nigéir | |
| Maracó | |
| | Túinis |
| Camarún | |

**Meiriceá Theas:** Is é Meiriceá Theas an ceathrú hilchríoch is mó ar domhan. 13 thír atá ann. Is í an Bhrasaíl an tír is mó acu. Sa Bhrasaíl atá leath na hilchríche nach mór. Tá Cuing Phanama mar cheangal idir Meiriceá Theas agus Meiriceá Thuaidh. Ghabh na Spáinnigh agus na Portaingéalaigh Meiriceá Theas sa 16ú agus sa 17ú haois. Is í an Phortaingéilis a labhraítear sa Bhrasaíl agus an Spáinnis a labhraítear i bhformhór na dtíortha eile i Meiriceá Theas. Tá stór mór ola i Meiriceá Theas agus tá mianraí luachmhara ar fáil ann freisin. Déantar mianadóireacht ar chopar, ór, sinc agus ar mhianraí eile ann. Déantar caife agus torthaí a fhás agus a easpórtáil chuig an domhan mór. Mar sin féin, tá cuid mhaith den chosmhuintir fíorbhocht i gcónaí.

**Le cabhair atlais, ainmnigh gach tír ar an léarscáil thíos agus ansin dathaigh iad.**



**Féach ar leathanach 50 agus 51 in *Atlas Bunscoile*. Roghnaigh 6 bhratach as bratacha Mheiriceá Theas agus tarraing sna boscaí thíos iad. Scríobh ainm na tíre lena mbaineann gach bratach sa bhosca cuí.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |

**Ainmnigh na tíortha seo a leanas.**

1. Tá teorainn aige leis an mBrasaíl, an Airgintín agus an Bholaiv.

   ______________________

2. Tá sí suite taobh thiar den Airgintín.

   ______________________

3. Tá sé suite taobh thoir thuaidh den Cholóim.

   ______________________

4. Tá teorainn aige leis an gColóim agus le Peiriú.

   ______________________

5. Tá sí suite taobh ó dheas den Bholaiv.

   ______________________

6. Tá sé suite taobh thiar de Ghuáin na Fraince.

   ______________________

**Líon an tábla thíos.**

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An Bhrasaíl | |
| | Buenos Aires |
| | Lima |
| Eacuadór | |

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An Cholóim | |
| Veiniséala | |
| | Montevideo |
| An Ghuáin | |

**Meiriceá Thuaidh**: Is é Meiriceá Thuaidh an tríú hilchríoch is mó ar domhan. Síneann sé ó Cheanada sa tuaisceart go dtí Meiriceá Láir agus Muir Chairib sa deisceart. Breis is fiche tír atá ann. Is é Ceanada an dara tír is mó ar domhan. Tá an Ghraonlainn, an t-oileán is mó ar domhan, i Meiriceá Thuaidh ach is cuid de Ríocht na Danmhairge í. Tugann an-chuid turasóirí cuairt ar oileáin Mhuir Chairib. Baineann siad sult as na tránna áille agus as an aeráid thrópaiceach ar na hoileáin.

**Le cabhair atlais, aimsigh na tíortha seo ar an léarscáil thíos.**
**Cuir an uimhir chuí le gach ceann acu agus ansin dathaigh iad.**



| |
|---|
| 1. Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 2. Ceanada |
| 3. Meicsiceo |
| 4. Cúba |
| 5. Nicearagua |
| 6. Guatamala |
| 7. Háítí |
| 8. Panama |
| 9. Iamáice |
| 10. Hondúras |

**Féach ar leathanach 46 agus 47 in *Atlas Bunscoile*. Roghnaigh 6 bhratach as bratacha Mheiriceá Thuaidh agus tarraing sna boscaí thíos iad. Scríobh ainm na tíre lena mbaineann gach bratach sa bhosca cuí.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |

**Ainmnigh na tíortha seo a leanas.**

1. Tá teorainn ag an tír seo le Ceanada agus le Meicsiceo.

___

2. Tá sé suite taobh ó dheas de Stáit Aontaithe Mheiriceá.

___

3. Tá sé suite taobh thoir theas de Chósta Ríce.

___

4. Tá sé suite taobh ó thuaidh de Nicearagua.

___

5. Tá teorainn aige le Panama agus le Nicearagua.

___

6. Tá sé suite taobh thoir theas de Mheicsiceo.

___

**Líon an tábla thíos.**


| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | |
| | Ottawa |
| | Managua |
| Meicsiceo | |

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| Cósta Ríce | |
| Panama | |
| | Havana |
| | Kingston |

**An Aigéine:** Is í an Aigéine an ilchríoch is lú ar domhan. Tá breis is 40 milliún duine ina gcónaí inti. Is é atá san Aigéine ná an Nua-Shéalainn, an Astráil, an Nua-Ghuine Phapua agus na mílte oileán beag san Aigéan Ciúin. Níl aon duine ag maireachtáil ar chuid mhaith de na hoileáin. Dhá oileán atá sa Nua-Shéalainn: an tOileán Thuaidh agus an tOileán Theas.

**Le cabhair atlais, aimsigh na tíortha seo ar an léarscáil thíos.**
**Cuir an uimhir chuí le gach ceann acu agus ansin dathaigh iad.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. An Nua-Shéalainn | 2. An Astráil | 3. Nua-Ghuine Phapua | 4. Oileáin Sholamón | 5. Fidsí |
| 6. An Nua-Chaladóin | 7. Tonga | 8. Samó | 9. Vanuatú | 10. Tuvalu |



**Féach ar leathanach 42 agus 43 in *Atlas Bunscoile*. Roghnaigh 6 bhratach as bratacha na hAigéine agus tarraing sna boscaí thíos iad. Scríobh ainm na tíre lena mbaineann gach bratach sa bhosca cuí.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |
| | | |
| Tír: | Tír: | Tír: |

**Líon an tábla thíos.**

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| An Nua-Shéalainn | |
| | Canberra |
| Fidsí | |

| Tír | Príomhchathair |
|---|---|
| Nua-Ghuine Phapua | |
| | Honiara |
| An Nua-Chaladóin | |

**An féidir leat an abairt rúnda a oibriú amach?**

| A | B | C | D | E | F | G | H | I | J | K | L | M | N | O | P | Q | R | S | T | U | V | W | Q | Y | Z |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | | | | | | | | | | | | | 8 | | | | | | | | | | | | |


_ _ É   _ A N _ _ _ _ A   _ _ Í   _ _ _ _ _ A _ _ A _ _
4 21   13 5 8 24 14 15 15 5   17 15   11 18 19 13 19 5 16 19 5 4 15

N A   _ A _ _ _ Á   _ _ _ .
8 5   19 5 21 16 15   4 9 14

**Antartaice:** Is í Antartaice an cúigiú hilchríoch is mó ar domhan. Tá sí suite ag an bPol Theas. In Antartaice atá 90% d'oighear an domhain. Is í an ilchríoch is fuaire ar domhan í. Is in Antartaice a cláraíodh an teocht is ísle a cláraíodh ar domhan riamh, is é sin –89.2°C. Is ag Stáisiún Vostok sa bhliain 1983 a cláraíodh an teocht sin. Oibríonn eolaithe in Antartaice i rith na bliana ach ní chónaíonn aon duine ann go buan. Maireann rónta, piongainí agus éin mhara in Antartaice in ainneoin an fhuachta. Ba é Roald Amundsen an chéad duine a shroich an Pol Theas, éacht a rinne sé sa bhliain 1911.

**Féach ar leathanach 52 in *Atlas Bunscoile* agus marcáil na gnéithe seo a leanas ar an léarscáil thíos.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. An Pol Theas | 2. An tSile | 3. An tAigéan Theas | 4. An Airgintín |
| 5. An Ciorcal Antartach | 6. Inse Shealtainn Theas | 7. An tAigéan Ciúin | |
| 8. An tAigéan Atlantach | 9. Oileáin Fhháclainne | 10. Inse Orc Theas | |



# Contaetha agus Bailte na hÉireann

## Le foghlaim:

- Tá ceithre chúige in Éirinn. Tá Cúige Laighean in oirthear na tíre, Cúige Mumhan i ndeisceart na tíre, Cúige Chonnacht in iarthar na tíre agus Cúige Uladh i dtuaisceart na tíre.
- Tá dhá stát ar oileán na hÉireann: Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Tá 26 contae i bPoblacht na hÉireann agus 6 chontae i dTuaisceart Éireann.
- Tugtar contae muirí ar chontae atá ar an gcósta. Tá 18 gcontae mhuirí in Éirinn.
- Tugtar contae intíre ar chontae nach bhfuil ar an gcósta. Tá 14 chontae intíre in Éirinn.
- Is iad na 7 gcathair is mó in Éirinn ná Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Corcaigh, Luimneach, Doire, Gaillimh agus Port Láirge.

**Líon isteach ainmneacha na gcontaetha anseo thíos.**

Cúige Uladh:

1. ____________ 2. ____________ 3. ____________

4. ____________ 5. ____________ 6. ____________

7. ____________ 8. ____________ 9. ____________

Cúige Chonnacht:

10. ____________ 11. ____________ 12. ____________

13. ____________ 14. ____________

Cúige Mumhan:

15. ____________ 16. ____________ 17. ____________


18. ____________ 19. ____________ 20. ____________

02 Contaetha agus Bailte na hÉireann ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie

Cúige Laighean:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 21. | ____________ | 22. | ____________ | 23. | ____________ |
| 24. | ____________ | 25. | ____________ | 26. | ____________ |
| 27. | ____________ | 28. | ____________ | 29. | ____________ |
| 30. | ____________ | 31. | ____________ | 32. | ____________ |

**Scríobh an uimhir a bhaineann le gach contae san áit chuí ar an léarscáil. Ansin dathaigh an léarscáil. Úsáid dath ar leith do gach cúige.**




**Cé na contaetha ina bhfuil na bailte seo a leanas?**

| Baile | Contae |
|---|---|
| 1. Cluain Meala | |
| 2. Dún Pádraig | |
| 3. Inis | |
| 4. Cora Droma Rúisc | |
| 5. Dún Dealgan | |
| 6. Port Laoise | |
| 7. An Nás | |


| Baile | Contae |
|---|---|
| 8. Inis Ceithleann | |
| 9. Leifear | |
| 10. An Uaimh | |
| 11. An Muileann gCearr | |
| 12. An Ómaigh | |
| 13. Trá Lí | |
| 14. Caisleán an Bharraigh | |

**Marcáil an uimhir a bhaineann le gach baile san áit chuí ar an léarscáil seo thall.**

**Scríobh liosta de bhailte nó de chathracha eile a bhfuil cuairt tugtha agat orthu. Cuir uimhir le gach ceann acu agus marcáil ar an léarscáil freisin iad.**



# MO CHÚIGE FÉIN



Ainm an chúige:

Contaetha muirí:

Contaetha intíre:

Mo chontae féin:

Contaetha a bhfuil teorainn acu le mo chontae féin:

Cathair/Cathracha i mo chúige:

Bailte tábhachtacha eile sa chúige:

**Marcáil na cathracha agus na bailte tábhachtacha i do chúige féin ar an léarscáil thuas. Ansin dathaigh na contaetha i do chúige féin.**

# Domhanfhad agus Domhanleithead

## Le foghlaim:

- Is féidir **línte domhanfhaid** agus **línte domhanleithid** a úsáid chun **comhordanáidí** a ghiniúint. Úsáidtear comhordanáidí chun cur síos cruinn a thabhairt ar shuíomh áite ar bith ar domhan.

**Domhanleithead:**



- Téann línte domhanleithid timpeall an domhain. Is é **an meánchiorcal** an líne dhomhanleithid is faide dá bhfuil ann. Timpeall lár an domhain a théann an meánchiorcal agus deirtear gurb é **0°** an domhanleithead a bhaineann leis.
- Áiteanna atá taobh ó thuaidh den mheánchiorcal, léirítear a ndomhanleithead le **°T** (céimeanna domhanleithid ó **t**huaidh).
- Áiteanna atá taobh ó dheas den mheánchiorcal, léirítear a ndomhanleithead le **°D** (céimeanna domhanleithid ó **d**heas).
- Tá an Pol Thuaidh ag 90°T. Tá an Pol Theas ag 90°D.

**Domhanfhad:**



- Is iad na línte domhanfhaid na línte a théann ó phol go pol ar an gcruinneog. **Fadlínte** a thugtar orthu freisin. Tugtar **an bhun-fhadlíne** ar an líne a théann trí Greenwich, in aice Londan. Deirtear gurb í **0°** an domhanfhad a bhaineann léi.
- Tá 180 líne dhomhanfhaid soir ó Greenwich. Áiteanna atá taobh thoir de Greenwich, léirítear a ndomhanfhad le °**O** (céimeanna s**o**ir).
- Tá 180 líne dhomhanfhaid siar ó Greenwich. Áiteanna atá taobh thiar de Greenwich, léirítear a ndomhanfhad le °**I** (céimeanna s**i**ar).

**03 Domhanfhad agus Domhanleithead ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie**

**Freagair na ceisteanna.**

1. Cén úsáid a bhaintear as línte domhanfhaid agus domhanleithid?

2. Cad is ainm don líne dhomhanfhaid a théann trí Greenwich?

3. Cá mbeifeá dá mbeifeá san áit lena mbaineann na comhordanáidí seo a leanas:

   (a) 90° ó thuaidh?

   (b) 90° ó dheas?


4. Is é 0° an domhanleithead a bhaineann le líne faoi leith ar an gcruinneog. Cén líne í sin?

5. Le cabhair atlais, ainmnigh ceithre thír atá taobh ó thuaidh den mheánchiorcal.

6. Ainmnigh ceithre thír atá taobh ó dheas den mheánchiorcal.

7. Ainmnigh ceithre thír atá taobh thoir den bhun-fhadlíne.

8. Ainmnigh ceithre thír atá taobh thiar den bhun-fhadlíne.





**Scríobh an domhanleithead a bhaineann le gach ciorcal ar an líne chuí thíos:**

A: ______________________

B: ______________________

C: ______________________

D: ______________________




**Scríobh an domhanfhad a bhaineann le gach ciorcal ar an líne chuí thíos:**

A: ______________________

B: ______________________

C: ______________________

D: ______________________

**Féach ar leathanach 14 in *Atlas Bunscoile*. Cé na contaetha ina mbeifeá, dá mbeifeá san áit lena mbaineann na comhordanáidí seo a leanas?**

1. 54°T 8°I ______________________
2. 52°T 10°I ______________________
3. 54°T 7°I ______________________
4. 55°T 7°I ______________________
5. 53°T 9°I ______________________
6. 55°T 8°I ______________________
7. 54°T 10°I ______________________
8. 52°T 9°I ______________________

**Féach ar leathanach 56 agus 57 in *Atlas Bunscoile*. Cé na tíortha ina mbeifeá, dá mbeifeá san áit lena mbaineann na comhordanáidí seo a leanas?**

1. 20°D 140°O ______________________
2. 40°T 120°I ______________________
3. 20°T 0°O ______________________
4. 20°D 60°I ______________________
5. 20°T 80°O ______________________
6. 40°T 0°O ______________________
7. 0°T 80°I ______________________
8. 60°T 120°I ______________________

**Dathaigh na tíortha sin ar an léarscáil thíos agus cuir an uimhir chuí le gach ceann acu.**



**Tarraing an meánchiorcal ar an léarscáil. Ainmnigh na tíortha a dtéann sé tríothu agus dathaigh ar an léarscáil iad.**

# An Iorua

## Le foghlaim:

**Príomhchathair:** Osló
**Cathracha eile:** Bergen, Trondheim, Tromsø
**Daonra:** 5 mhilliún
**Achar:** 323,802 km² (4 huaire níos mó ná Éire)
**Airgeadra:** Coróin na hIorua
**Príomhtheanga:** An Ioruais
**An sliabh is airde:** Galdhøppigen (2469 m ar airde)
**Fíricí eile:**

- Is tír fhada chaol í an Iorua. Tá a lán sléibhte ann agus gan ach fíorbheagán ísealchríche. Tá teorainn ag an Iorua leis an tSualainn, leis an bhFionlainn agus leis an Rúis. Tá an Danmhairg suite ó dheas ón Iorua. Tugtar **Críoch Lochlann** ar an Iorua, an Danmhairg agus an tSualainn le chéile.
- Tá a lán **fiordanna** ar chósta thiar na hIorua. Is éard is fiord ann ná góilín fada a thagann isteach ón bhfarraige. Bíonn sléibhte arda ar gach taobh de na fiordanna de ghnáth.
- Tá tionchar ag **Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh** ar aeráid na hIorua. Ardaíonn sé teocht na bhfarraigí amach ó chósta na hIorua.
- Itheann muintir na hIorua bia mara go rialta. Tá an-tóir ar bhradán deataithe go háirithe. Is maith leo feoil réinfhia a ithe freisin.
- Arán traidisiúnta is ea *lefse* a dhéantar as plúr, prátaí, im agus bainne.
- Is iomaí ainmhí spéisiúil a mhaireann san Iorua. Ina measc tá an réinfhia, an glutan, an béar bán, an mús agus an puifín.
- Tugtar 'Tír Ghrian an Mheán Oíche' ar thuaisceart na hIorua. Ní théann an ghrian faoi i rith an tsamhraidh ann agus ní éiríonn sé dorcha in aon chor.
- Bíonn radharc suaithinseach speisialta le feiceáil sa spéir i dtuaisceart na hIorua, an *Aurora Borealis*, nó **na Gealáin Thuaidh**, mar a thugtar air. Bíonn an spéir ar lasadh le brait lonracha agus sruthanna soilseacha.
- Is iad na Sámaigh an pobal dúchasach a chónaíonn in Sápmi, réigiún a chuimsíonn tuaisceart na hIorua, na Sualainne agus na Fionlainne chomh maith le ceantar in iarthuaisceart na Rúise. Tá timpeall 70,000 Sámach ann sa lá atá inniu ann agus tuairim is 10 dteanga Shámacha acu.
- Ba as Críoch Lochlann do na Lochlannaigh a tháinig go hÉirinn breis agus míle bliain ó shin.


**04 An Iorua ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie**

**Tarraing agus dathaigh bratach na hIorua anseo.**

**Dathaigh an Iorua ar an léarscáil.**



**Le cabhair atlais, marcáil na gnéithe seo a leanas ar an léarscáil:**



**Cathracha:**
Osló, Bergen

**Sléibhte:**
Ardtalamh Chríoch Lochlann, Galdhøppigen


**Farraigí:**
An Mhuir Ioruach, an Mhuir Thuaidh, Muir Barents

**Oileáin:**
Oileáin Lofoten

**Línte domhanleithid:**
60°T agus 70°T

**Línte domhanfhaid:**
10°O agus 20°O

# Crosfhocal



**Trasna**

3. Bolcán beo san Iorua. (10)
5. Ainmhí a mhaireann san Iorua. (3)
6. Na Gealáin __________. (7)
8. Príomhchathair na hIorua. (4)
9. An sliabh is airde san Iorua. (12)
10. Caitheamh aimsire coitianta san Iorua. (6)
11. Góilín fada a bhfuil sléibhte arda ar gach taobh de. (5)
13. Pobal dúchasach a mhaireann i dtuaisceart na hIorua. (2, 7)
14. Príomhtheanga na hIorua. (2, 7)

**Síos**

1. Tír atá suite soir ón Iorua. (2, 9)
2. Tír atá suite ó dheas ón Iorua. (2, 9)
4. An dara cathair is mó san Iorua. (6)
7. Cineál aráin thraidisiúnta. (5)
12. Éadaí na Sámach. (5)

**Liostaigh 3 rud ba mhaith leat a dhéanamh nó a fheiceáil, má thugann tú cuairt ar an Iorua amach anseo.**

1. Ba mhaith liom ______________________________

______________________________

2. Ba mhaith liom ______________________________

______________________________

3. Ba mhaith liom ______________________________

______________________________

**An féidir leat an abairt rúnda a oibriú amach?**

| A | B | C | D | E | F | G | H | I | J | K | L | M | N | O | P | Q | R | S | T | U | V | W | Q | Y | Z |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

_ Í _ (5 – 24)   A _ (10 5)   _ _ _ _ A (16 19 21 2 10)   _ _ A (16 5 10)   _ A _ _ (1 10 24 24)

_ _ _ (14 22 5)   A _ _ _ A _ (10 19 5 4 10 12)   _ _ _ _ A _ _ (22 19 21 25 10 17 15)

**Is féidir focail agus frásaí Ioruaise a chloisteáil ar an suíomh gréasáin seo www.norwegianclass101.com/norwegian-word-lists agus ar shuíomhanna gréasáin eile.  Roghnaigh cúpla sampla den Ioruais le scríobh sa tábla thíos.**

| Gaeilge | Ioruais |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Déan tionscadal faoin Iorua. Féach an leathanach 'Féach Thart! Rang 6 (Tíreolaíocht)' ar an suíomh gréasáin www.angum.ie, áit a bhfuil liosta suíomhanna gréasáin. Beidh sé seo ina chabhair agat agus eolas á lorg agat don tionscadal.**

# Sléibhte na hÉireann

## Le foghlaim:

- Tá trí shraith taobh istigh den domhan: an screamh, an maintlín agus an croí.
- Dromchla an domhain is ea **an screamh**. Blaosc chrua charraigeach is ea í. Is ar an screamh atá na haigéin agus na hilchríocha. Is é **an maintlín** an tsraith atá díreach faoin screamh. Sraith thiubh de charraigeacha is ea an maintlín. Bíonn sé chomh te sin, áfach, go mbíonn cuid den charraig ann leáite. **Magma** a thugtar ar an gcarraig leáite sa mhaintlín. Istigh i gceartlár an domhain atá **an croí**. Miotal atá sa chroí agus tá sé níos teo arís ná an maintlín.
- Tá screamh an domhain briste ina píosaí móra ar a dtugtar **plátaí teicteonacha**. Bíonn na plátaí teicteonacha ar snámh ar an maintlín agus iad ag gluaiseacht an t-am ar fad. Gluaiseacht na bplátaí is cúis le sléibhte.
- **Fillsléibhte** is ea formhór na sléibhte in Éirinn. Cruthaítear fillsléibhte nuair a bhuaileann dhá phláta theicteonacha in aghaidh a chéile. Brúitear suas an talamh atá ar bharr na bplátaí agus cruthaítear sléibhte.
- Cruthaíodh fillsléibhte na hÉireann na céadta milliún bliain ó shin. Bhí na sléibhte i bhfad níos airde tráth ná mar atá siad anois. D'ídigh an bháisteach, na haibhneacha, an sioc, an t-oighear agus an ghaoth iad thar na blianta. **Síonchaitheamh** a thugtar air sin.
- Ar na fillsléibhte is óige dá bhfuil ar domhan tá na hAlpa, na Sléibhte Creagacha, na Himiléithe agus na hAindéis. Níl siad chomh síonchaite agus atá na fillsléibhte a cruthaíodh i bhfad rompu, e.g. sléibhte na hÉireann, agus is é sin an fáth a bhfuil siad chomh hard is atá siad.
- Is é **Corrán Tuathail** an sliabh is airde in Éirinn. Is sna Cruacha Dubha i gCo. Chiarraí atá sé. Tá Corrán Tuathail 1040 m ar airde. Níl ann ach cnocán an-bheag, áfach, i gcomparáid le Sliabh Everest, an sliabh is airde ar domhan. Tá Sliabh Everest 8848 m ar airde. Tá na céadta sliabh eile ar domhan freisin atá breis agus 3000 m ar airde.

05 Sléibhte na hÉireann ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie

**Freagair na ceisteanna.**

1. Cén chuid den domhan í an screamh?

2. Cad as a bhfuil croí an domhain déanta?

3. Cad is magma ann?


4. Conas a chruthaítear fillsléibhte?

5. Cé acu i méid nó i laghad a chuaigh sléibhte na hÉireann ó cruthaíodh iad? Conas a tharla sin?

6. Céard é an sliabh is airde in Éirinn?

**Tarraing léaráid den tslí a gcruthaítear fillsléibhte.**
**Cuir lipéid ar na gnéithe éagsúla.**
**Féach sleamhnán 8.**

# Crosfhocal





**Trasna**

1. Sléibhte naofa? (5, 6, 2, 6)
3. Tá Everest sa sliabhraon seo. (2, 10)
6. Sléibhte i nDún na nGall. (2, 7)
10. Sliabhraon san Eoraip. (2, 5)
12. Sliabh saibhir? (6, 2, 6)
13. Sliabh i Sligeach. (6, 4)

**Síos**

2. Sliabhraon i Meiriceá Thuaidh. (2, 8, 9)
4. An sliabh is airde ar domhan: Sliabh __________. (7)
5. An sliabh is airde in Éirinn. (6, 8)
7. Sléibhte i gCo. an Dúin. (6, 7)
8. Tá Beanna Beola sa chontae seo. (8)
9. Sliabhraon i Meiriceá Theas. (2, 8)
11. Tá na Cruacha Dubha sa chontae seo. (7)

**Ainmnigh na sléibhte ar an léarscáil.**
**Scríobh gach ainm sa spás cuí thíos.**
**Dathaigh na sléibhte ar an léarscáil.**




1. ______________________
2. ______________________
3. ______________________
4. ______________________
5. ______________________
6. ______________________
7. ______________________
8. ______________________
9. ______________________
10. ______________________
11. ______________________
12. ______________________
13. ______________________
14. ______________________
15. ______________________
16. ______________________
17. ______________________
18. ______________________
19. ______________________
20. ______________________

# Seacláid

## Le foghlaim:

- Tagann seacláid ón gcrann cócó. Is planda trópaiceach é an crann cócó a fhásann den chuid is mó idir 20° ó thuaidh den mheánchiorcal agus 20° ó dheas de.
- Seo iad na céimeanna tosaigh i dtáirgeadh na seacláide.
  a) Nuair a bhíonn an crann idir 3 agus 5 bliana d'aois tosaíonn faighneoga ag fás air.
  b) Nuair a bhíonn na faighneoga aibí, baintear iad le scian fhada ghéar ar a dtugtar **maiseite**. Bíonn timpeall 30 nó 40 pónaire chócó istigh san fhaighneog.
  c) Baintear na pónairí cócó amach as na faighneoga agus cuirtear i mboscaí nó ar dhuilleoga iad. Fágtar ansin iad le coipeadh ar feadh seacht lá nó mar sin.
  d) Ina dhiaidh sin leagtar amach faoin ngrian iad le triomú.
  e) Nuair a bhíonn na pónairí triomaithe, déantar iad a phacáil agus a sheoladh go dtí an calafort lena n-easpórtáil ar fud an domhain.
  f) Nuair a bhaineann na pónairí cócó ceann scríbe amach tugtar chuig monarchana seacláide iad agus déantar iad a phróiseáil.
- Is tionscal ollmhór é tionscal na seacláide. In ainneoin sin bíonn na hoibrithe ar na feirmeacha cócó ag obair ar phá an-íseal agus droch-choinníollacha oibre acu.
- Is iad na comhlachtaí móra ilnáisiúnta is mó a dhéanann brabach ar an tseacláid. Faigheann siad a gcuid pónairí cócó ar chostas íseal i dtíortha ísealioncaim. Déanann siad táirgí as na pónairí agus ansin díolann siad na táirgí sin ar phraghas i bhfad níos airde ná an praghas a íocadh ar na pónairí cócó. Tugtar **trádáil éagothrom** air sin, mar go dtugann sé buntáiste do ghrúpa amháin – na comhlachtaí seacláide – thar ghrúpa eile – is é sin na hoibrithe ar na feirmeacha cócó.
- Tugann **an chóirthrádáil** cothrom na Féinne do na comhlachtaí seacláide agus do na hoibrithe ar na feirmeacha cócó. Bunaíodh go leor eagraíochtaí cóirthrádála ó na 1990idí ar aghaidh, e.g. **Cóirthrádáil Éireann**. Tacaíonn na heagraíochtaí seo leis an gcóirthrádáil ar bhealaí éagsúla.

**06 Seacláid ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie**

**Is é an Cósta Eabhair, san Afraic, an táirgeoir pónairí cócó is mó ar domhan. Ar na táirgeoirí móra eile tá Gána, an Indinéis, an Nigéir, an Bhrasaíl, Eacuadór agus Camarún. Le cabhair atlais, aimsigh na tíortha sin ar an léarscáil thíos agus dathaigh iad.**



**Seo thíos na céimeanna éagsúla i dtáirgeadh na seacláide. Scríobh san ord ceart iad agus cuir pictiúr le gach ceann acu.**

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| 1. | 2. | 3. |
| | | |
| 4. | 5. | 6. |

Baintear na pónairí amach as na faighneoga.

Baintear na faighneoga le maiseite.

Triomaítear na pónairí faoin ngrian.

Déantar na pónairí a phróiseáil sna monarchana.

Easpórtáiltear na pónairí.

Fágtar na pónairí le coipeadh i mboscaí nó ar dhuilleoga.

**'Itheann a lán daoine seacláid ar fud an domhain, mar sin caithfidh go bhfuil na daoine a fhásann na pónairí cócó an-saibhir ar fad.' An bhfuil an ráiteas seo fíor? Tabhair cúis le do fhreagra.**

**Conas a chabhraíonn an chóirthrádáil leis na feirmeoirí cócó i dtíortha ísealioncaim?**

**Féach ar an suíomh www.fairtrade.ie nó ar shuíomhanna eile gréasáin a bhaineann leis an gcóirthrádáil agus líon isteach an tábla thíos.**

| Táirge cóirthrádála | Na tíortha as a dtagann sé |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Déan liosta de na hollmhargaí inar féidir táirgí cóirthrádála a cheannach in Éirinn.**

**Déan liosta de na comhlachtaí seacláide a chuireann earraí cóirthrádála ar fáil.**

# An Domhan Fisiciúil

## An Áise

Is í an Áise an ilchríoch is mó ar domhan.


**An sliabh is airde:** Sliabh Everest

**An abhainn is faide:** An Iaing-tsí

**An loch is mó:** Loch Baikal

**An t-oileán is mó:** Boirneo

**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**




| | |
|---|---|
| A | E |
| B | F |
| C | G |
| D | H |

**07 An Domhan Fisiciúil ▶ Sleamhnáin ar www.angum.ie**

# An Eoraip

Is í an Eoraip an dara hilchríoch is lú ar domhan.


**An sliabh is airde:** Elbrus i Sléibhte Cugais

**An abhainn is faide:** An Volga

**An loch is mó:** Loch Ladoga

**An t-oileán is mó:** An Bhreatain Mhór

**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**




| | |
|---|---|
| A | E |
| B | F |
| C | G |
| D | H |

# An Afraic

Is í an Afraic an dara hilchríoch is mó ar domhan.

**An sliabh is airde:** Sliabh Kilimanjaro


**An abhainn is faide:** An Níl

**An loch is mó:** Loch Victoria

**An t-oileán is mó:** Madagascar

**An gaineamhlach is mó:** An Sahára

**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**




| | |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |
| E | |
| F | |
| G | |
| H | |
| I | |

# Meiriceá Theas

Is é Meiriceá Theas an ceathrú hilchríoch is mó ar domhan.

**An sliabh is airde:** Aconcagua

**An sliabhraon is faide:** Na hAindéis

**An gaineamhlach is mó:** Gaineamhlach na Patagóine

**An abhainn is faide:** An Amasóin

**An loch is mó:** Loch Titicaca




**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**

| | |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |
| E | |
| F | |
| G | |

## Meiriceá Thuaidh

Is é Meiriceá Thuaidh an tríú hilchríoch is mó ar domhan.

**An sliabh is airde:** Denali (Mount McKinley)


**An sliabhraon is faide:** Na Sléibhte Creagacha

**An abhainn is faide:** An Mississippi-Missouri

**An loch is mó:** Loch Superior

**An t-oileán is mó:** An Ghraonlainn

**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**




| | |
|---|---|
| A | |
| B | C |
| D | E |
| F | G |

# An Aigéine

Is í an Aigéine an ilchríoch is lú ar domhan.

**An sliabh is airde:** Mount Wilhelm, Nua-Ghuine Phapua


**An abhainn is faide:** An Murray-Darling

**An gaineamhlach is mó:** Gaineamhlach Mór Victoria

**An t-oileán is mó:** An Astráil

Is í an Mhórsceir Bhacainneach an sceir choiréil is mó ar domhan.
Is amach ó chósta na hAstráile atá sí.

**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**





| | |
|---|---|
| A | B |
| C | D |
| E | F |
| G | |

## Antartaice

Is í Antartaice an cúigiú hilchríoch is mó ar domhan. Tá sí suite ag an bPol Theas agus í faoi oighear. Is í **an Leithinis Antartach** an t-aon áit in Antartaice nach mbíonn clúdaithe le hoighear i rith na bliana ar fad. Síneann sí i dtreo Mheiriceá Theas. Is in Antartaice atá an t-oighearchlár is mó ar domhan. **Oighearchlár Ross** a thugtar air agus tá sé beagnach chomh mór leis an bhFrainc! Tá **Oighearshruth Lambert** ar cheann de na hoighearshruthanna is mó ar domhan.
Tá Antartaice timpeallaithe ag an Aigéan Theas.

**Le cabhair atlais, ainmnigh na gnéithe fisiciúla atá marcáilte ar an léarscáil.**




| | |
|---|---|
| A | B |
| C | D |
| E | |



**Marcáil na gnéithe fisiciúla sa tábla thíos ar an léarscáil.**

| **Sléibhte** | **Aibhneacha** | **Lochanna** | **Gaineamhlaigh** |
|---|---|---|---|
| Sléibhte Cugais | An Níl | Loch Victoria | An Sahára |
| Na hAindéis | An Amasóin | Loch Baikal | Gaineamhlach Ghóibí |
| Na Himiléithe | An Iaing-tsí | Loch Titicaca | Gaineamhlach na Patagóine |
| Na Sléibhte Creagacha | An Volga | Na Lochanna Móra | Gaineamhlach Mór Victoria |
| Sliabh Kilimanjaro | An Mississippi-Missouri | Loch Ladoga | |
| Mount Wilhelm | An Murray-Darling | | |